2024/2632

9.10.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2632 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193 a mhéid a bhaineann le bearta maidir le huisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe le *Ralstonia solanacearum* (Smith 1896) Yabuuchi *et al.* 1996 emend. Safni *et al.* 2014, le bearta atá le déanamh ag oibreoirí gairmiúla agus leis an teimpléad chun torthaí an tsuirbhé a thuairisciú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(1), pointí (a) go (h), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear bearta chun *Ralstonia solanacearum* (Smith 1896) Yabuuchi *et al.* 1996 emend. Safni *et al.* 2014 ('an lotnaid shonraithe') a dhíothú agus chun a leathadh a chosc i gcríoch an Aontais.

(2) Chomh maith le huisce a dheimhnítear a bheith ionfhabhtaithe, is gá go gcumhdófar freisin uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe leis na bearta a bhaineann leis an lotnaid shonraithe a bhrath agus a dhíothú.

(3) Déantar é sin chun a áirithiú go mbeidh uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe faoi réir na bhforálacha sin freisin a mhéid a bhaineann lena dheimhniú gur ann don lotnaid, le heilimintí chun ítimí a ainmniú mar ítimí ar dócha iad a bheith ionfhabhtaithe léi, agus le bearta díothaithe, agus dá bhrí sin chun cosaint níos airde ná an chosaint a thugtar faoi láthair a áirithiú do chríoch an Aontais ar an riosca a bhaineann leis an lotnaid shonraithe.

(4) Thairis sin, ba cheart uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe a áireamh sna heilimintí atá le cur san áireamh agus leathadh féideartha na lotnaide sonraithe á chinneadh.

(5) Laistigh den limistéar críochaithe, sa bhreis ar na bearta is infheidhme i gcás uisce a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe, ba cheart uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe a bheith faoi réir na mbeart sin freisin.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193, áiritheoidh oibreoirí gairmiúla go scriosfar na plandaí sonraithe ionfhabhtaithe nó go ndíorthófar iad ar bhealach eile, i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn V, ar choinníoll go suitear nach ann d'aon riosca inaitheanta go leathfaidh an lotnaid shonraithe.

(7) Ós rud é nach féidir leis na húdaráis inniúla rochtain éasca a fháil ar na suíomhanna uile faoi seach, is féidir le hoibreoirí gairmiúla na bearta sin a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtaí ná na húdaráis inniúla féin. Ar an gcúis sin, ba cheart do na hoibreoirí gairmiúla na bearta sin a dhéanamh faoi mhaoirseacht oifigiúil na n-údarás inniúil.

(8) Le hIarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193 bunaítear teimpléad chun torthaí an tsuirbhé maidir leis an lotnaid shonraithe a chur i láthair le haghaidh fhómhair prátaí agus trátaí na bliana féilire roimhe sin. Ba cheart an teimpléad sin a fheabhsú le haghaidh úsáid phraiticiúil agus éifeachtúlachta, toisc nach soláthraítear faisnéis shuntasach chun críoch an tsuirbhé sna sonraí tuairiscithe maidir leis an tsampláil ar thiúbair dheimhnithe le haghaidh plandú, ar thiúbair le haghaidh plandú seachas tiúbair dheimhnithe, ar thiúbair seachas tiúbair le haghaidh plandú, agus ar earraí agus ar phrátaí a phróiseáil.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/2031/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2022 lena mbunaítear bearta chun *Ralstonia solanacearum* (Smith 1896) Yabuuchi *et al.* 1996 emend. Safni *et al.* 2014 a dhíothú agus chun a leathadh a chosc (IO L 185, 12.7.2022, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1193/oj).

(9) Ba cheart ord na gcolún áirithe den teimpléad a athrú, ar bhonn chroineolaíocht na ngníomhaíochtaí faoi seach. Go háirithe, ba cheart an colún maidir le cigireachtaí amhairc ar bharra atá ag fás agus ar thiúbair i stórais a bheith roimh na colúin ar na torthaí saotharlainne a fhaightear ó shamplaí a bhailítear le linn na gcigireachtaí amhairc sin.

(10) Ina theannta sin, is gá a shoiléiriú an dtagann torthaí tástála saotharlainne ó shampláil ar thiúbair atá á stóráil nó ó shampláil ar thiúbair le linn cigireachtaí amhairc ar bharra atá ag fás.

(11) Ina theannta sin, is gá colúin a chur leis a mhéid a bhaineann le tástáil saotharlainne ar uisce chun cruinneas thuairisciú na dtorthaí a fheabhsú.

(12) Ní féidir an líon cigireachtaí amhairc dearfacha a thaifeadadh go dtí go bhfaightear na torthaí ó thástáil saotharlainne. Dá bhrí sin, agus chun na torthaí a chur i láthair ar bhealach níos soiléire agus níos comhsheasmhaí, ba cheart an colún ábhartha a aistriú faoi na ranna maidir le tástálacha saotharlainne.

(13) Tógtar samplaí siomptómacha agus samplaí aisiomptómacha le linn cigireachtaí amhairc. Braitear ionfhabhtuithe folaigh ar shamplaí aisiomptómacha. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le hionfhabhtú folaigh chun leathadh féideartha an ghalair a thuiscint agus chun na bearta atá le déanamh chun leathadh den sórt sin a sheachaint, ba cheart idirdhealú a dhéanamh sa teimpléad idir torthaí ó shamplaí siomptómacha agus ó shamplaí aisiomptómacha.

(14) Is léir ón taithí a fuarthas nach soláthraítear faisnéis shuntasach chun críoch an tsuirbhé le sonraí a thuairiscítear maidir leis an tréimhse samplála ar thiúbair le haghaidh tástáil saotharlainne.

(15) Soláthraítear ceanglais maidir le méid an tsampla i bpointe 4 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193. Dá bhrí sin, na sonraí is gá sa teimpléad maidir le méid na mbaisceanna i dtonaí nó i heicteáir, ní sholáthraíonn siad faisnéis shuntasach chun críoch an tsuirbhé.

(16) Thairis sin, is gá a shoiléiriú sa chéad abairt d'Iarscríbhinn II go bhfuil an teimpléad le torthaí suirbhé a dhéantar ar fhómhar prátaí na bliana roimh bhliain an tuairiscithe a chur i láthair.

(17) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193 a leasú dá réir sin.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1193 mar a leanas:

(1) in Airteagal 5(4), an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) an t-uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe, agus na heilimintí a liostaítear i bpointe 2(b) agus (iii) d'Iarscríbhinn IV á gcur san áireamh.';

(2) in Airteagal 6(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Ní dhéanfar plandaí sonraithe a ainmnítear mar phlandaí atá ionfhabhtaithe ag an lotnaid shonraithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (d)(i) a phlandú. Le linn tháirgeadh nó ghluaiseacht na bplandaí sonraithe agus faoi mhaoirseacht oifigiúil an údaráis inniúla, áiritheoidh oibreoirí gairmiúla go scriosfar na plandaí sonraithe ionfhabhtaithe nó go ndíorthófar iad ar bhealach eile, i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn V, ar choinníoll go suitear nach ann d'aon riosca inaitheanta go leathfaidh an lotnaid shonraithe';

(3) Cuirtear an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) leasaítear pointe 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

'Is iad seo a leanas na heilimintí atá le meas maidir le hítim a ainmniú mar ítim a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe leis an lotnaid shonraithe de bhun Airteagal 5(2), pointe (b)(ii):';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (j):

'(i) láthair nó láithreacha táirgthe na bplandaí sonraithe ina n-úsáidtear uisce le haghaidh uisciúcháin nó spraeála, uisce a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fomhír, pointe (a), nó uisce a ainmnítear mar uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fomhír, pointe (b);

(j) plandaí sonraithe a tháirgtear ar láithreacha táirgthe atá faoi uisce dromchla a dheimhnítear a bheith ionfhabhtaithe nó a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe.';

(b) i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) i gcásanna inar ainmníodh uisce dromchla mar uisce ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fomhír, pointe (a), nó mar uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fomhír, pointe (b):

(i) láthair nó láithreacha táirgthe ina dtáirgtear plandaí sonraithe atá in aice leis an uisce dromchla a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe nó mar uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe, nó atá i mbaol a bheith faoin uisce dromchla sin;

(ii) aon abhantrach uisciúcháin ar leith a bhaineann leis an uisce dromchla a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe nó mar uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe;

(iii) dobharlaigh a bhaineann leis an uisce dromchla a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe nó mar uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh:

— treo agus ráta sreafa an uisce a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe;

— plandaí óstacha geireacha fiáine a bheith ann.';

(5) in Iarscríbhinn V, leasaítear pointe 4.2(2) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

'(b) i gcásanna ina bhfuil uisce dromchla ainmnithe mar uisce ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fhomhír, pointe (a), nó ina bhfuil sé ainmnithe mar uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe de bhun Airteagal 5(4), an tríú fomhír, pointe (b), nó ina bhfuil sé san áireamh sna heilimintí a bhaineann le leathadh féideartha na lotnaide sonraithe i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn IV:

(i) déanfaidh siad an suirbhé bliantúil ag amanna iomchuí, lena n-áirítear sampláil ar uisce dromchla agus, i gcás inarb iomchuí, ar phlandaí óstacha solanáiseacha fiáine sna foinsí uisce ábhartha agus áiritheoidh siad go gcuirfear samplaí faoi réir tástálacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn I;

(ii) tabharfaidh siad isteach rialuithe oifigiúla maidir le cláir uisciúcháin agus spraeála, lena n-áirítear toirmeasc ar úsáid an uisce a ainmnítear mar uisce ionfhabhtaithe nó mar uisce a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe le haghaidh uisciú agus spraeáil plandaí sonraithe, agus, i gcás inarb iomchuí, plandaí óstacha solanáiseacha saothraithe eile chun leathadh na lotnaide sonraithe a chosc;

(iii) i gcásanna ina bhfuil sceitheadh dramhaíola leachtaí ionfhabhtaithe, tabharfaidh siad isteach rialuithe oifigiúla ar dhiúscairt sceite dramhaíola soladaí nó leachtaí ó phróiseáil thionsclaíoch nó ó stáisiúin phacáistithe a láimhseálann plandaí sonraithe ag na láithreacha táirgthe;';

(b) cuirtear pointe (c) a leanas leis:

'(c) i gcásanna dá dtagraítear sa fhrása réamhráiteach de phointe (b), beidh feidhm ag na maoluithe seo a leanas:

(i) de mhaolú ar phointe (b)(i), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh gan suirbhéanna bliantúla a dhéanamh ar uisce dromchla a ainmníodh mar uisce ionfhabhtaithe nó a d'fhéadfadh a bheith ionfhabhtaithe, fad nach léireofar aon athrú ar stádas lotnaide sa limistéar críochaithe;

(ii) de mhaolú ar phointe (b)(ii), féadfar úsáid uisce atá faoi réir an toirmisc sin a cheadú i dtithe gloine, faoi rialú oifigiúil, chun plandaí trátaí agus plandaí óstacha eile atá beartaithe don tomhaltas deiridh agus don phróiseáil a uisciú agus a spraeáil, ar choinníoll go ndéantar an t-uisce a dhíghalrú trí mhodhanna iomchuí a úsáid nó go bhfaightear an t-uisce saor ón lotnaid tar éis diansamplála agus diantástála.'.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN II

Teimpléad suirbhé dá dtagraítear in Airteagal 3(3)

Teimpléad chun torthaí na suirbhéanna ar dhonnlobhadh a rinneadh le linn na bliana féilire roimh bhliain an tuairiscithe a chur i láthair

An Ballstát	Catagóir	Limistéar faoi bharr (ha)	Cigireachtaí amhairc ar na barra atá ag fás					Cigireachtaí amhairc ar bhaisceanna tiúbair i stóras [a]			
			Limistéar ar a ndearnadh cigireacht amhairc (ha)	An líon cigireachtaí amhairc [b]	An líon cigireachtaí amhairc inar tugadh siomptóim faoi deara [c]	An líon samplaí siomptómacha a tógadh [d]	An líon samplaí aisiomptóm-acha a tógadh [d]	An líon cigireachtaí amhairc [b]	An líon cigireachtaí amhairc inar tugadh siomptóim faoi deara [e]	An líon samplaí siomptómacha a tógadh [d]	An líon samplaí aisiomptómacha a tógadh [d]
	Tiúbair prátaí le haghaidh plandú [f]										
	Tiúbair prátaí le haghaidh plandú ar a láthair táirgthe										
	Tiúbair prátaí cé is moite de na tiúbair prátaí le haghaidh plandú										
	Trátaí atá beartaithe lena n-athphlandú										
	Óstaigh eile (sonraigh na speicis)										

	Uisce uisciúcháin Fuíolluisce										

([a]) Le líonadh le haghaidh thorthaí an tsuirbhé a rinneadh ar phlandaí sonraithe agus óstaigh eile a fásadh agus a buaineadh i do thír féin, agus le haghaidh na dtorthaí sin amháin.
([b]) Lena n-áirítear an líon cigireachtaí amhairc iolracha a rinneadh ar an mbarr céanna nó ar an mbaisc chéanna, de réir mar is infheidhme.
([c]) Fuarthas siomptóim ar thiúbair nó ar phlandaí gearrtha, agus tógadh samplaí le haghaidh tástáil saotharlainne.
([d]) Tugtar tuairisc ar ullmhúchán samplaí i bpointe 4 d'Iarscríbhinn I.
([e]) Fuarthas siomptóim ar thiúbair ghearrtha agus tógadh samplaí le haghaidh tástáil saotharlainne.
([f]) Seachas tiúbair prátaí le haghaidh plandú ar a láthair táirgthe.

An Ballstát	Catagóir	Tástálacha saotharlainne a bhaineann le cigireachtaí amhairc ar bharra atá ag fás			Tástálacha saotharlainne a bhaineann le scrúduithe ar bhaisceanna tiúbair			Tástálacha saotharlainne a bhaineann le huisce		Uimhir/ uimhreacha fógra na ráigeanna ar tugadh fógra ina leith, de réir mar is infheidhme, i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1715	Faisnéis bhreise
		An líon samplaí siomptómacha a fuair toradh dearfach	An líon samplaí aisiomptóm-acha a fuair toradh dearfach	An líon cigireachtaí amhairc dearfacha ([a])	An líon samplaí siomptómacha a fuair toradh dearfach	An líon samplaí aisiomptóm-acha a fuair toradh dearfach	An líon baisceanna dearfacha	An líon samplaí a tástáladh	An líon samplaí dearfacha		
	Tiúbair prátaí le haghaidh plandú ([b])										
	Tiúbair prátaí le haghaidh plandú ar a láthair táirgthe										
	Tiúbair prátaí cé is moite de na tiúbair prátaí le haghaidh plandú										
	Trátaí atá beartaithe lena n-athphlandú										

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2632/oj

	Óstaigh eile (sonraigh na speicis)										
	Uisce uisciúcháin										
	Fuíolluisce										

([a]) An líon iomlán cigireachtaí amhairc a bhfuarthas torthaí dearfacha ina leith le haghaidh *R. solanacearum* sna samplaí a tástáladh lena linn.
([b]) Seachas tiúbair prátaí le haghaidh plandú ar a láthair táirgthe."